DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 16 *Meán Fómhair*, 2021
Thursday, 16*th September*, 2021

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 16 *Meán Fómhair*, 2021
Thursday, 16*th September*, 2021

9 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

3. An Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 — An Dara Céim (*atógáil*).
Maritime Area Planning Bill 2021 — Second Stage (*resumed*).

4. An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta), 2021 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice (Mutual Recognition of Custodial Sentences) Bill 2021 — Order for Second Stage.

5. Bille na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021 — Ordú don Dara Céim.
Companies (Corporate Enforcement Authority) Bill 2021 — Order for Second Stage.

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

48. An Bille Uchtála (Faisnéis), 2021 — An Dara Céim.
Adoption (Information) Bill 2021 — Second Stage.

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

10*a*. An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Soláthar 20 faoin gcéad maidir le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne), 2021 — An Chéad Chéim.
Planning and Development (Amendment) (20 per cent Provision of Social and Affordable Housing) Bill 2021 — First Stage.

10*b*. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Cearta Tionóntaí), 2021 — An Chéad Chéim.
Residential Tenancies (Tenants' Rights) Bill 2021 — First Stage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tíolactha:
Presented:

4. An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta), 2021 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice (Mutual Recognition of Custodial Sentences) Bill 2021 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht do Chinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a fheidhmiú maidir le breithiúnais i nithe coiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta lena ngabhann saoirse a bhaint, chun críoch a bhforfheidhmithe san Aontas Eorpach, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB agus 2008/947/CGB, lena ndéantar, ar an tslí sin, cearta nóis imeachta daoine a fheabhsú agus feidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chothú maidir le breitheanna arna dtabhairt i gcás an duine lena mbaineann a bheith as láthair ón triail; chun na críche sin, do leasú an Achta um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 agus achtacháin eile; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to Council Framework Decision 2008/909/JHA of 27 November 2008 on the application of the principle of mutual recognition to judgments in criminal matters imposing custodial sentences or measures involving deprivation of liberty for the purpose of their enforcement in the European Union, as amended by Council Framework Decision 2009/299/JHA of 26 February 2009 amending Framework Decisions 2002/584/JHA, 2005/214/JHA, 2006/783/JHA, 2008/909/JHA and 2008/947/JHA, thereby enhancing the procedural rights of persons and fostering the application of the principle of mutual recognition to decisions rendered in the absence of the person concerned at the trial; for that purpose to amend the European Arrest Warrant Act 2003 and other enactments; and to provide for related matters.

—An tAire Dlí agus Cirt.

---

5. Bille na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021 — Ordú don Dara Céim.
Companies (Corporate Enforcement Authority) Bill 2021 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú Acht na gCuideachtaí, 2014 chun comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó, sa Bhéarla, *the Corporate Enforcement Authority*, a bheidh le cur in ionad an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus a chomhlíonfaidh na feidhmeanna a chomhlíonadh an Stiúrthóir um

Bill entitled an Act to amend the Companies Act 2014 to establish a body to be known as *An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach* or, in the English language, the Corporate Enforcement Authority, to replace, and perform the functions previously performed by, the Director of Corporate Enforcement; to make provision for certain other amendments to that Act

Fhorfheidhmiú Corparáideach roimhe seo; do dhéanamh socrú maidir le leasuithe áirithe eile ar an Acht sin a bhaineann le scairchaipiteal cuideachtaí nó le rialachas corparáideach cuideachtaí; do dhéanamh leasuithe iarmhartacha ar an Acht sin agus ar an Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

relating to the share capital of companies or the corporate governance of companies; to make consequential amendments to that Act and the Irish Collective Asset-management Vehicles Act 2015; and to provide for related matters.

—An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tabhairt Isteach:
Introduction:

10*a*. An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Soláthar 20 faoin gcéad maidir le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne), 2021 — An Chéad Chéim.
Planning and Development (Amendment) (20 per cent Provision of Social and Affordable Housing) Bill 2021 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun an clásal éagtha a scriosadh lena dtugtar díolúine d'fhorbróirí, a fhaigheann cead pleanála roimh 2026, maidir le 20 faoin gcéad den talamh nó de na tithe is iomchuí a sholáthar le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne.

Bill entitled an Act to amend the Planning and Development Act 2000 to delete the sunset clause which affords an exemption to developers who secure planning permission before 2026 to provide 20 per cent of the relevant land or houses for social and affordable housing.

—Eoin Ó Broin.

10*b*. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Cearta Tionóntaí), 2021 — An Chéad Chéim.
Residential Tenancies (Tenants' Rights) Bill 2021 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú na nAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 go 2020 chun socrú a dhéanamh maidir le ráthaíocht tionachta níos mó agus cinnteacht cíosa le haghaidh tionóntaí, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Residential Tenancies Acts 2004 to 2020 so as to provide for greater security of tenure and rent certainty for tenants, and to provide for connected matters.

—Ivana Bacik.

ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY

3. An Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 — An Dara Céim (*atógáil*).
Maritime Area Planning Bill 2021 — Second Stage (*resumed*).

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

Gnó a ordaíodh:
Business ordered:

48. An Bille Uchtála (Faisnéis), 2021 — An Dara Céim.
Adoption (Information) Bill 2021 — Second Stage.

—Thomas Pringle, Catherine Connolly.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE
DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES[1]

Reachtúil	***Statutory***
Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil	*Requiring Motion of Approval*
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	*None*
In-neamhnithe le Tairiscint	*Open to Motion to Annul*
Na Rialacháin fán Acht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 (Teaghais a Ainmniú mar Theaghais Cíosa Costais), 2021 (I.R. Uimh. 425 de 2021).	Affordable Housing Act 2021 (Cost Rental Designation) Regulations 2021 (S.I. No. 425 of 2021).
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2021 (I.R. Uimh. 459 de 2021).	Planning and Development (Amendment) (No. 3) Regulations 2021 (S.I. No. 459 of 2021).
Na Rialacháin Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí (Síol Diúilicíní) (Iascaigh a Oscailt), 2021 (I.R. 461 de 2021).	Sea-Fisheries and Maritime Jurisdiction (Mussel Seed) (Opening of Fisheries) Regulations 2021 (S.I. No. 461 of 2021).
Eile	*Other*
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla. An Tuarascáil Bhliantúil, 2020.	Criminal Assets Bureau. Annual Report, 2020.
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2020.	Athlone Institute of Technology. Consolidated Financial Statements for the year ended 31 August, 2020.
Togra le haghaidh Cinneadh ón	Proposal for a Council Decision on the

[1] I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.
Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Sainchoiste um Fhorfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le fadú a dhéanamh ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) de Chomhaontú Trádála agus Comhair AE RA (Prüm) a bhféadfar próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe lena linn mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2021) 495.

position to be taken on behalf of the European Union in the Specialised Committee on Law Enforcement and Judicial Cooperation established by the Trade and Cooperation Agreement between the European Union and the European Atomic Energy Community, of the one part, and the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland, of the other part, regarding the extension of the period referred to in Article 540(3) of the EU UK Trade and Cooperation Agreement (Prüm) during which DNA-profiles and fingerprints can be exchanged with the United Kingdom together with explanatory information note.
COM (2021) 495.

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/1091 maidir le ranníocaíocht an Aontais le haghaidh na staitisticí comhtháite feirme faoin gcreat airgeadais, 2021-2027 mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2021) 477.

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Regulation (EU) 2018/1091 as regards the Union contribution for the integrated farm statistics under the 2021-2027 financial framework together with explanatory information note.
COM (2021) 477.

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (códú) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2021) 483.

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council on uniform procedures for checks on the transport of dangerous goods by road (codification) together with explanatory information note.
COM (2021) 483.

Neamhreachtúil

Non-Statutory

Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh. An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA). Meán Fómhair 2021.

Houses of the Oireachtas. Joint Committee on European Union Affairs. The Comprehensive Economic and Trade Agreement (CETA). September, 2021.